

## Eolas ar do thoradh

Cuirfear an toradh chugat i litir taobh istigh de thrí seachtaine i ndiaidh do choinne. Inseofar duit cad é an chéad chéim eile. Is toradh normálta a bhíonn ag formhór na ndaoine. Ní bhíonn reitineapaite orthu nó ní bhíonn ach athruithe luatha ar an reitine (ar na súile), agus gheobhaidh siad cuireadh teacht ar ais arís le scagthástáil rialta a fháil déanta ar na súile.

Iarrfar ort teacht ar ais le haghaidh coinne eile:

- Mura bhfuil na grianghraif soiléir go leor chun toradh cinnte a aimsiú.
- Má tá reitineapaite dhiaibéiteach ort ar gá é a mheasúnú.
- Má aimsítear riochtaí eile súl nach mbaineann leis an diaibéiteas ach ar gá measúnú a dhéanamh orthu.

Ní bheidh costas ar bith ar aon choinne eile ná ar aon mheasúnú a mholfar mar chuid den chlár scagthástála le haghaidh reitineapaite diaibéití.

## Conas is féidir liom an baol go dtiocfaidh reitineapaite dhiaibéiteach orm a laghdú?

- Rialaigh an siúcra fola agus an brú fola agat.
- Tóg do chuid leighis de réir mar atá ordaithe ag an dochtúir.
- Freastail ar do choinní rialta scagthástála le haghaidh reitineapaite diaibéití atá saor in aisce.

## Cad é ba chóir dom a dhéanamh má tá mé buartha faoi mo shúile sa tréimhse idir na coinní scagthástála?

Má tá tú buartha faoi do shúile, **ná fan** go dtí an chéad choinne eile scagthástála. Má éiríonn radharc na súl níos measa go tobann, déan teagmháil leis an Dochtúir Ginearálta (dochtúir teaghlaigh) nó le radharceolaí. Mura ndéanann tú amhlaidh, seans go gcaillfidh tú cuid de radharc na súl nó an radharc go léir.

## Cé chomh hiontaofa atá scagthástáil le haghaidh reitineapaite diaibéití?

Níl scagthástáil ar bith 100 faoin gcéad iontaofa, agus níl scagthástáil le haghaidh reitineapaite diaibéití 100 faoin gcéad iontaofa ach oiread. Bítear ag iarraidh reitineapaite dhiaibéiteach amháin a aimsiú, agus má tá fadhbanna eile sna súile, seans nach n-aimseofar iad. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin dul chuig do Dhochtúir Ginearálta (dochtúir teaghlaigh) nó radharceolaí má bhíonn imní ort faoi do shúile nó faoi radharc na súl.

## Cá bhfuair sibh mo shonraí teagmhála?

Tá liosta ag Diabetic RetinaScreen de dhaoine a bhfuil diagnóis diaibéitís acu. Fuarthas an t-eolas seo ó scéimeanna náisiúnta sláinte amhail Scéim na gCártaí Leighis, an Scéim Íoca as Cógais agus an Scéim Tinnis Fhadtréimhsigh. Chomh maith leis na foinsí sin, is féidir leis an Dochtúir Ginearálta daoine a bhfuil diaibéiteas orthu a chlárú sa chlár.

## An bhfuil an t-eolas atá agaibh orm slán?

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, coinnimid do shonraí pearsanta agus do thaifid sláinte slán agus faoi rún i gcónaí.

## Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Diabetic RetinaScreen, cuir scairt ar an uimhir Shaorghlao **FreePhone 1800 45 45 55** nó gabh chuig an suíomh gréasáin **[www.diabeticretinascreen.ie](http://www.diabeticretinascreen.ie)**

# Diabetic RetinaScreen

An Clár Náisiúnta Scagthástála Reitíní do Dhiaibéitigh  
The National Diabetic Retinal Screening Programme

## Eolas ar scagthástáil le haghaidh reitineapaite diaibéití

### Cad is Diabetic RetinaScreen ann?

Is é an Clár Náisiúnta Scagthástála le haghaidh Reitineapaite Diaibéití é, agus tá sé maoinithe ag an rialtas. Cuirtear scagthástáil rialta le haghaidh reitineapaite diaibéití ar fáil do dhaoine a bhfuil diaibéiteas orthu agus atá 12 bhliain d'aois nó os a chionn.

### Cad is reitineapaite dhiaibéiteach ann?

Is aimhréidh choitianta í a thagann ar dhiaibéitigh. Téann sí i bhfeidhm ar na soithí beaga fola sa líneáil i gcúl na súl. An reitine a thugtar ar an líneáil seo. Bíonn ról ag an reitine na rudaí a fheiceann tú a athrú ina theachtairreachtaí a théann feadh na néaróige radhairc a fhad leis an inchinn. Is gá go mbeadh an reitine folláin le go mbeadh radharc na súl go maith. Nuair a bhíonn reitineapaite dhiaibéiteach ar dhuine, bíonn sileadh ó na soithí fola sa reitine, nó bíonn bac iontu, agus déantar damáiste do radharc na súl.

### Cad é is cúis le reitineapaite dhiaibéiteach?


Nuair a bhíonn diaibéiteas ar dhuine, éiríonn an fhuil sna soithí sa reitine níos tibhe, agus moillíonn an fhuil atá ag sruthlú iontu síos. Nuair a thagann

reitineapaite dhiaibéiteach ort i dtús ama, ní chuireann sí as do radharc na súl, ach má théann an scéal in olcas, cuirtear isteach air. Reitineapaite dhiaibéiteach a thugtar air má thagann ceachtar de dhá athrú dhifriúla ar an reitine a chuireann isteach ar radharc na súl:

**Éidéime mhacúlach dhiaibéiteach** – bíonn éifeacht ag soithí ligeacha fola ar an macúl ar cuid den reitine é. Má thagann sreabhán ó na soithí seo agus má chuireann siad as do lár an mhacúil, beidh éifeacht ar radharc na súl. Is é seo an t-athrú is coitianta sna súile.

**Reitineapaite dhiaibéiteach iomadúil** – fásann soithí nua fola ar dhromchla na reitine thar am. Bíonn na soithí mínormálta seo ag cur fola, nó tagann ann do cholm, agus bíonn droch-chailleadh radharc na súl ann.

Is féidir cóir leighis a thabhairt i gcás an dá rud – éidéime mhacúlach dhiaibéiteach agus reitineapaite dhiaibéiteach iomadúil – ach iad a aimsiú in am. Má fhágtar iad gan chóireáil, áfach, beidh fadhbanna ann le radharc na súl.



### Cé atá i mbaol reitineapaite dhiaibéiteach teacht orthu?

Tá duine ar bith a bhfuil diaibéiteas orthu, bíodh Cineál 1 nó Cineál 2 i gceist, i mbaol reitineapaite dhiaibéiteach teacht orthu. Dá fhaide atá diaibéiteas ort, is amhlaidh is dóichí go dtiocfaidh reitineapaite dhiaibéiteach ort.

### Cad is scagthástáil le haghaidh reitineapaite diaibéití ann?

Bíonn grianghrafadóireacht dhigiteach an-speisialaithe in úsáid le scagthástáil a dhéanamh ar na súile le reitineapaite dhiaibéiteach a aimsiú. Bíonn athruithe á gcuardach a mbeadh éifeacht acu ar radharc na súl. Má dhéantar scagthástáil go rialta ar do shúile, is féidir teacht ar reitineapaite dhiaibéiteach sula mothaíonn tú aon athrú ar chor ar bith i radharc do shúl.

### Cén fáth a bhfuil scagthástáil le haghaidh reitineapaite diaibéití tábhachtach?

Seans nach mbeidh siomtóim ar bith ag baint le reitineapaite dhiaibéiteach ag an tús, agus seans nach mbeidh éifeacht ar bith ar radharc na súl go dtí go bhfuil na hathruithe ar do shúile suntasach. Ar an ábhar sin, tá sé an-tábhachtach scagthástáil a dhéanamh ar na súile go rialta. Is í reitineapaite dhiaibéiteach an t-údar is coitianta le daoine d'aois oibre radharc na súl a chailleadh. Nuair a aimsítear go luath í, tá cóireáil éifeachtach ann a laghdaíonn an damáiste do na súile nó a choscann ar fad é. Is cuid an-lárnach sa chúram do dhiaibéitigh í scagthástáil ar na súile le haghaidh reitineapaite diaibéití.

### Conas a fhaighim coinne i gcomhair scagthástála ar na súile le haghaidh reitineapaite diaibéití?

Céim 1: Má thugtar eolas don chlár go bhfuil diagnóis diaibéitís agat, cuirfead litir chugat ag tabhairt cuiridh duit teacht le scagthástáil a fháil déanta.

Céim 2: Nuair a fhaigheann tú an litir, ní mór duit scairt a chur ar an uimhir Shaorghlao 1800 45 45 55.

Céim 3: Nuair a chuirfidh tú scairt, iarrfar ort cead a thabhairt don chlár do shonraí pearsanta a fháil, a choinneáil, agus a chur ar aghaidh chuig daoine eile taobh istigh den chlár.

Céim 4: Cuirfead litir chugat ag tairiscint coinne duit in ionad áitiúil scagthástála chun scagthástáil a fháil déanta ar na súile le haghaidh reitineapaite diaibéití.

Má tá tú faoi 16 bliana d'aois, ní mór tuismitheoir nó caomhnóir a bheith leat.

### Cad é a tharlóidh le linn an choinne scagthástála?

- Cuirfead braonta i do shúile chun na mic imrisc a mhéadú ar feadh tamaill. Seans go mbeidh sé beagáinín nimhneach.
- Tógfar grianghraif de chúl na súl le ceamara digiteach. Ní bhaineann an ceamara do do shúile. Cuirfead na grianghraif chuig saineolaí a scrúdóidh iad.
- Mairfidh an coinne thart ar 30 nóiméad.

### Eolas praiticiúil i gcomhair lá do choinne

- Má chaitheann tú spéaclaí (spéaclaí fadraoin go háirithe) nó lionsaí tadhaill, tabhair leat iad.
- Seans go mbeidh do shúile rud beag nimhneach i ndiaidh duit na braonta a fháil – d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair spéaclaí gréine a chaitheamh.
- Ith cibé rud a itheann tú de ghnáth; ní gá troscadh.
- Níor chóir duit tiomáint ná innealra a oibriú i ndiaidh do choinne mar beidh éifeacht ag na braonta ar do radharc ar feadh suas go naoi n-uaire an chloig.